**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8756/26**

**AGRI 329**
**ENV 433**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán san Aontas – Tacú le feirmeoirí agus córais bhia athléimneacha a chur chun cinn<br>– Seisiún tuairimíochta |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26 Bealtaine 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán san Aontas – Tacú le feirmeoirí agus córais bhia athléimneacha a chur chun cinn**

Tar éis phaindéim COVID-19, na géarchéime fuinnimh agus ionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht i mí na Samhna 2022 dar teideal *Ensuring availability and affordability of fertilisers* [Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú][1]. Áiríodh sa teachtaireacht roinnt beart chun foinsí leasacháin allmhairithe an Aontais a éagsúlú, tacú le táirgeadh leasacháin laistigh den Aontas, táirgeadh agus glacadh roghanna malartacha ar leasacháin cheimiceacha a éascú agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite i dtáirgeadh leasacháin a chur chun cinn. Ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle AGRIFISH i mí na Samhna 2022, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí an Teachtaireacht, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún féachaint ar ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh bhreise maidir leis an tsaincheist sin.

I ngeall ar an staid reatha sa Mheánoirthear, is mó práinn a bhaineann leis an bhfreagairt ar na dúshláin a eascraíonn as spleáchas fuinnimh an Aontais agus as an gcur isteach leanúnach ar shlabhraí soláthair domhanda, rud a chuireann brú mór ar tháirgeadh bia an Aontais, ar chostais ionchuir, ar ioncam feirmeoirí agus ar phraghsanna bia san Aontas. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí dar teideal *Aontas Fuinnimh Fuinneamh slán inacmhainne trí ghníomhaíocht a bhfuil dlús curtha léi*[2], leagtar béim ar an ngéarghá atá le gníomhaíochtaí a threisiú, rud a spreagfaidh neamhspleáchas agus táirgeadh méadaithe fuinnimh ghlain san Aontas agus spleáchas laghdaithe ar fhoinsí seachtracha fuinnimh neamh-inathnuaite. Agus na costais fuinnimh ag dul i méid srian, cuirtear srian ar acmhainneacht táirgthe leasacháin cheimicigh an Aontais de dheasca spleáchas thionscal leasacháin an Aontais ar úsáid fuinnimh, rud a íoctar go daor as. An tráth céanna, bíonn tionchar ag na praghsanna arda atá ann faoi láthair agus ag an suaitheadh sa slabhra soláthair ar leasacháin allmhairithe, rud a mhéadaíonn costais, agus a chuireann leis an gcruachás. Léiríonn an staid reatha go bhfuil na margaí leasacháin fós leochaileach.

[1] 14613/1/22 REV 1
[2] 8482/26 + ADD1

Sa chomhthéacs sin, tá infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán ar ais ar chlár oibre an bheartais talmhaíochta. I bhfianaise na Teachtaireachta atá le teacht maidir le plean gníomhaíochta um leasacháin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh bearta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun cinn chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais i leith úsáid leasacháin a fheabhsú. Leis na bearta sin, ba cheart féachaint le tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí, le córais bhia athléimneacha a chur chun cinn agus le hinacmhainneacht bia a chosaint do thomhaltóirí. Is sa chomhthéacs seo a iarrann an Uachtaránacht ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil na bearta a mholtar i dTeachtaireacht 2022 maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú fós bailí? Chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha faoi na srianta geopholaitiúla agus áitiúla atá ann faoi láthair, cad iad na bearta breise nó malartacha a mheasann sibh a bheith riachtanach?

- Agus na dúshláin bhreise a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus soláthar leasacháin san Aontas á gcur san áireamh, cé mar is féidir athléimneacht agus iomaíochas na hearnála feirmeoireachta agus na gcóras bia san Aontas a áirithiú?